

# GLAO AR LÉIRIÚ SPÉISE DO BHAILL FOIRNE AR CONRADH

## I RÉIMSE NA SLÁNDÁLA TFC Grúpa Feidhme III: Cúntóir Slándála TFC Grúpa Feidhme IV: Anailísí ar Shlándáil TFC

EPSO/CAST/S/7/2013.

### I. RÉAMHRÁ

Ar iarraidh ó Institiúidí an Aontais Eorpaigh, tá an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) ag seoladh nós imeachta roghnúcháin chun bunachar sonraí d'iarthóirí ar éirigh leo a chur ar bun óna bhféadfar baill foirne ar conradh a earcú i réimse na slándála TFC (teicneolaíocht faisnéise agus cumarsáide) agus i réimse na cibearshlándála.

Earcaíonn Institiúidí an Aontais Eorpaigh baill foirne ar conradh chun inniúlachtaí breise a sholáthar i réimsí speisialaithe. Fostaítear baill foirne ar conradh i gcomhréir leis na coinníollacha atá leagtha síos i Roinn IX den ghlaó seo ar léiriú spéise.

Faoi réir Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh atá an caidreamh oibre leis na hInstitiúidí Eorpacha. Tá na coinníollacha oibre ar fáil ina n-iomláine ar líne ag <http://eur-lex.europa.eu/LexUriServ/LexUriServ.do?uri=CONSLEG:1962R0031:20100101:EN:PDF> (Caibidil IV, leathanach 172)<sup>1</sup>.

Bainfidh an Coimisiún Eorpach, Parlaimint na hEorpa, Ardrúnaíocht na Comhairle, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta úsáid as an mbunachar sonraí. **Is sa Bhruiséil agus i Lucsamburg go príomha a bheidh na poist bunaithe, de réir mar is gá. D'fhéadfadh roinnt bheag post a bheith bunaithe i gcuid de Thoscaireachtaí an AE ar fud an domhain.**

Is gnách go gcuireann cuid mhór iarrthóirí ardcháilithe isteach ar phoist mar bhaill foirne ar conradh agus mar sin go n-éiríonn le cuid mhór iarrthóirí sa nós imeachta roghnúcháin. Dá bhrí sin, ba cheart go dtuigfeadh iarrthóirí go bhféadfadh sé, i gcás próifíilí áirithe, go gcuirfí níos mó ainmneacha sa bhunachar sonraí ná mar atá daoine de dhíth ó na hInstitiúidí.

Sa tábla thíos léirítear líon na mball foirne ar conradh a mheastar a bheith de dhíth ar na hInstitiúidí sa réimse seo do thréimhse áirithe ama. Tá curtha san áireamh ann fad teoranta na gconarthaí agus uainíocht foirne.

Neasmhéid an phainéil d'iarthóirí a n-éireoidh leo a bheidh de dhíth ar na hInstitiúidí sa tréimhse trí bliana 2014 go 2016:

Grúpa Feidhme	Próifíl	Líon
Grúpa Feidhme III	Cúntóir Slándála TFC	50
Grúpa Feidhme IV	Anailísí ar Shlándáil TFC	50

**Ní féidir le hiarrthóirí clárú ach d'aon phróifíl amháin agus d'aon Ghrúpa Feidhme amháin. Mar sin féin, mura ngnóthaíonn iarrthóir a chuireann isteach ar Ghrúpa Feidhme IV an**

<sup>1</sup>Na forálacha ginearálta cur chun feidhme maidir le coinníollacha fostaíochta gníomhairí ar conradh arna bhfostú ag an gCoimisiún Eorpach agus ag Parlaimint na hEorpa, tá siad ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO.

**pasmharc do Ghrúpa Feidhme IV sna trialacha inniúlachta, féadfar a iarratas a aistriú, má thoilíonn sé chuige, chuig Grúpa Feidhme III – ar an gcoinníoll go ngnóthaíonn sé an pasmharc do Ghrúpa Feidhme III (féach na sonraí i Roinn VI 'Céimeanna an nós imeachta roghnúcháin').**

**Má chuireann iarrthóir níos mó ná aon iarratas amháin isteach, dícháileofar é ón nós imeachta roghnúcháin.**

## II. DUALGAIS<sup>2</sup>

### **Grúpa Feidhme III – Cúntóir Slándála TFC**

Faoi mhaoirseacht oifigigh nó gníomhaire shealadaigh, cuideoidh an ball foirne ar conradh fógraí a láimhseáil, foláirimh agus freagairt ar theagmhais a chomhordú, imscrúduithe fóiréinseacha agus iniúchtaí slándála TFC a dhéanamh, infreastruchtúr slándála TFC a bhainistiú, socruithe cumraíochta slándála TFC a shonrú, agus beartais, caighdeáin agus treoirlínte slándála TFC a dhréachtú.

Seo samplaí de na dualgais a d'fhéadfadh a bheith le déanamh:

- Cuidiú a thabhairt réitigh shlándála a chur ag obair (infreastruchtúir agus/nó feidhmchláir), lena n-áirítear ceapadh, cumraíocht, forbairt, tástáil agus imscaradh teicneolaíochtaí a bhaineann le slándáil, amhail na leaganacha is deireanaí de bhallaí dóiteáin, ballaí dóiteáin feidhmchlár, bainistiú céannachta agus rochtana, IDS/IPS, cosc ar chaillteanas sonraí, bainistíocht ceart digiteach, rialú na rochtana ar an ngréasán, monatóireacht ar fhaisnéis slándála agus ar theagmhais slándála (SIEM).
- Cuidiú le tionscnaimh feasachta agus oiliúna i réimse na slándála faisnéise chun oiliúint a chur ar an bhfórsa oibre faoi rioscaí faisnéise trí sheisiúin tionscnaimh, cláir oideachais agus cumarsáid leanúnach a chur ar fáil.
- Cuidiú a thabhairt rialuithe próisis TFC a cheapadh, a dhoiciméadú agus a thástáil i réimse leathan timpeallachtaí.
- Cuidiú a thabhairt iniúchtaí agus athbhreithnithe a dhéanamh ar shaincheistanna slándála faisnéise in Institiúidí an AE.
- Cuidiú agus tacaíocht a thabhairt d'úsáideoirí nó do thoghlaigh maidir le ceistanna a bhaineann le cúrsaí slándála. Treoirlínte agus doiciméid tacaíochta a dhréachtú chun línte cosanta a uasghrádú.
- Cuidiú a thabhairt beartais, treoirlínte agus nósanna imeachta slándála TFC laistigh d'Institiúidí an AE a chur ag obair, a bhainistiú agus forghníomhú.
- Feidhmiú mar oifigeach ar dualgas ar fhoireann freagartha ar theagmhais, ag anailísiú faisnéise faoi bhagairtí agus faoi chórais ar cuireadh a slándáil i mbaol, ag cur faisnéise in ord tosaíochta, ag ceapadh fógraí agus foláireamh agus á gcur chuig an spriocphobal cuí.
- Cuidiú a thabhairt teagmhais slándála faisnéise a láimhseáil, measúnú a dhéanamh ar aon fhaisnéis ina leith agus gníomhú dá réir.
- Cuidiú a thabhairt imscrúduithe fóiréinseacha ar shlándáil TFC a dhéanamh agus/nó déantáin a bhailiú agus a anailísiú.
- Cuidiú a thabhairt cóid mhaíliseacha a imscrúdú féachaint veicteoir an ionsaithe, an pálasta, méid an damáiste a rinneadh, agus an méid sonraí a sceitheadh a fhionnadh.
- Cuidiú a thabhairt réitigh shlándála a chur ag obair a bhaileodh faisnéis ar ghníomhaíochtaí mailíseacha, agus ina theannta sin faisnéis faoi ghníomhaíochtaí mailíseacha amhrasta a bhailiú, a bhainistiú agus a roinnt.
- Cuidiú a thabhairt sárúithe slándála nó sárúithe slándála amhrasta a imscrúdú agus bearta feabhais a dhéanamh nó a thuairisciú de réir mar is gá. Logleabhar a choinneáil d'aon teagmhais agus moltaí agus gníomhaíochtaí feabhais.
- Córais chripteagrafaíochta a imscaradh, a chumrú, a riar agus a choimeád ar bun.
- Infreastruchtúr/líonraí aicmithe a imscaradh, a chumrú, a riar agus a choimeád ar bun.
- Beartais slándála TFC a chur i bhfeidhm/a fhorghníomhú nó a iniúchadh.

<sup>2</sup> Na próifílí a bhfuil cur síos orthu sa Ghlaio seo, is leaganacha simplithe iad de na próifílí cineálacha a úsáidfeadh agus conarthaí á ndréachtú. Tá na leaganacha simplithe seo curtha ar fáil chun críocha faisnéise agus níl siad ceangailteach ó thaobh dlí.

## **Grúpa Feidhme IV – Anailísí ar Shlándáil TFC**

Faoi mhairseacht oifigigh nó gníomhaire shealadaigh, déanfaidh an ball foirne ar conradh obair choincheapúil, anailísíú agus maoirseacht theicniúil agus riaracháin a bhaineann le tacaíocht TFC agus infreastruchtúr TFC.

Déanfaidh an ball foirne ar conradh dualgais a bhaineann le bainistiú fógraí, comhordú foláireamh agus na freagartha ar theagmhais, imscrúduithe fóiréinseacha, iniúchtaí slándála TFC, bainistiú infreastruchtúir slándála TFC, socruithe cumraíochta slándála TFC a shonrú, agus le dréachtú beartas, caighdeán agus treoirlínte slándála TFC. Chun na dualgais sin a dhéanamh, ní mór d'iarthóirí a bheith go maith ag dréachtú, anailísíú a dhéanamh, maoirseoireacht theicniúil a dhéanamh, bainistiú riaracháin a dhéanamh, agus eolas críochnúil oibre a bheith acu ar bhogearraí oifige, i measc nithe eile.

Seo samplaí de na dualgais a d'fhéadfadh a bheith le déanamh:

- Réitigh shlándála a bhainistiú, a chomhordú agus a chur chun feidhme (infreastruchtúr agus/nó feidhmchláir), lena n-áirítear ceapadh, cumraíocht, forbairt, tástáil agus imscaradh teicneolaíochtaí a bhaineann le slándáil, amhail na leaganacha is deireanaí de de bhallaí dóiteáin, ballaí dóiteáin feidhmchlár, bainistiú céannachta agus rochtana, IDS/IPS, cosc ar chaillteanas sonraí, bainistíocht ceart digiteach, rialú na rochtana ar an ngréasán, monatóireacht ar fhaisnéis slándála agus ar theagmhais slándála (SIEM).
- Tús a chur le tionscnaimh feasachta agus oiliúna i réimse na slándála faisnéise chun oiliúint a chur ar an lucht oibre faoi rioscaí faisnéise trí sheisiúin tionscnaimh, cláir oideachais agus cumarsáid leanúnach a chur ar fáil. Rialuithe próisis TFC a cheapadh, a dhoiciméadú agus a thástáil i réimse leathan timpeallachtaí.
- Bainistíocht tionscadal a bhaineann le slándáil TFC, lena n-áirítear pleanáil tionscadal, meastóireacht ar an táirge, roghnú na gcóras/na ndíoltóirí, ceapadh an infreastruchtúir, an ullmhacht a mheasúnú agus cáilíocht a dhearbhuí.
- Bainistíocht agus comhordú a dhéanamh ar iniúchtaí agus athbhreithnithe ar shaincheisteanna maidir le slándáil faisnéise in Institiúidí an AE.
- Freagairtí ar theagmhais slándála faisnéise a láimhseáil agus a chomhordú.
- Foireann freagartha ar theagmhais a stiúradh chun sáruithe slándála ríomhaire amach anseo a shrianadh, a imscrúdú agus a chosc.
- Beartais oiriúnacha agus ábhartha maidir le slándáil faisnéise a fhorbairt, a chur chun feidhme agus a fhorghníomhú agus féachaint chuige go bhfuil na beartais sin i gcomhréir leis an Treoir maidir le Cosaint Sonraí san AE agus le reachtaíocht agus Rialacháin eile a bhfuil baint acu le slándáil faisnéise; beartais a athbhreithniú ar bhonn rialta.
- Féachaint chuig slándáil faisnéise a lánpháirtiú i straitéisí agus ceanglais gnó.
- Imscrúduithe fóiréinseacha ar shlándáil TFC a chomhordú agus/nó bailiú agus anailísíú déantán a chomhordú.
- Cóid mhaíliseacha a imscrúdú féachaint veicteoir an ionsaithe, an pálasta agus méid an damáiste a rinneadh agus an méid sonraí a sceitheadh a fhionnadh.
- Réitigh shlándála a bhainistiú, a chomhordú agus a chur chun feidhme a bhaileodh faisnéis ar ghníomhaíochtaí mailíseacha, agus ina theannta sin faisnéis faoi ghníomhaíochtaí mailíseacha amhrasta a bhailiú, a bhainistiú agus a roinnt.
- Taighde slándála a dhéanamh trína bheith ar an eolas faoi na saincheisteanna slándála is déanaí dá bhfuil ann.
- Bheith ag obair le díoltóirí, le sainchomhairleoirí seachtracha agus le tríú páirtithe chun slándáil faisnéise laistigh d'Institiúidí an AE a fheabhsú.
- Lánpháirtiú córas slándála faisnéise sa timpeallacht ghnó a bhainistiú.
- Anailís agus meastóireacht a dhéanamh ar uirlisí, próisis, nósanna imeachta oibre agus modhanna oibre TFC agus iad sin a fheabhsú i réimse na slándála TFC.
- Córais chripteagrafaíochta a cheapadh, a imscaradh, a chumrú, a riar agus a choimeád ar bun.
- Infreastruchtúr/líonraí aicmithe a cheapadh, a imscaradh, a chumrú, a riar agus a choimeád ar bun.
- Beartais slándála TFC a mholadh, a chur i bhfeidhm/a fhorghníomhú agus/nó a iniúchadh.

## **III. AMCHLÁR TÁSCACH DON NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN**

Is é EPSO a dhéanfaidh an nós imeachta roghnúcháin le cúnamh painéil roghnúcháin ar a mbeidh ionadaithe ó ranna d'Institiúidí an AE. Seo a leanas an t-amchlár táscach:

	<b>Dátaí tásca</b>
<b>CÉIM</b>	
Mionscrúdú na CVanna	Meán Fómhair 2013
Triail inniúlachta	Samhain 2013
Torthaí na trialach inniúlachta	Nollaig 2013–Eanáir 2014

## IV. INCHÁILITHEACHT

Ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárúchán ar líne, ní mór duit na coinníollacha seo a leanas a chomhlíonadh:

<b>A. Coinníollacha ginearálta</b>	
(a) Bheith i do shaoránach de Bhallstát den Aontas Eorpach ar an dáta deiridh atá leagtha síos don chlárúchán ar líne.	
(b) Do chearta mar shaoránach a theachtadh.	
(c) Aon oibleagáidí dlí atá ort i dtaca le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta agat.	
(d) Na riachtanais charachtair a chomhlíonadh a theastaíonn chun na dualgais i gceist a dhéanamh.	
<b>B. Íoschoinníollacha sonracha – Oideachas/taithí</b>	
<p><b>Grúpa Feidhme III – Cúntóir Slándála TFC</b></p> <ul style="list-style-type: none"> <li>• Oideachas tríú leibhéal, agus cáilíocht bainte amach ag a dheireadh, i réimse teicniúil a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i Roinn II, nó</li> <li>• Oideachas dara leibhéal, agus cáilíocht bainte amach ag a dheireadh a thugann rochtain ar an oideachas tríú leibhéal, mar aon le trí bliana de thaithí oibre a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i Roinn II.</li> </ul> <p><b>Grúpa Feidhme IV – Anailísí ar Shlándáil TFC</b></p> <p>Cúrsa iomlán ollscoile a mhair trí bliana ar a laghad a bheith críochnaithe agus céim bainte amach ag a dheireadh i réimse a bhaineann leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i Roinn II.</p>	
<b>C. Eolas ar theangacha</b>	
(a) Teanga 1 (T1) agus (b) Teanga 2 (T2)	<p>An phríomhtheanga: sáreolas ar theanga oifigiúil amháin de chuid an Aontais Eorpaigh<sup>3</sup></p> <p>Eolas sásúil (leibhéal B2<sup>4</sup>) ar an mBéarla, ar an bhFraincis nó ar an nGearmáinis; dhá theanga ar leith nach mór a bheith i dteanga 1 agus i dteanga 2.</p> <p>I gcomhréir leis an mbreithiúnas a thug Cúirt an AE (an Mór-Dhlísheomra) uaithe i gCás C-566/10 P, Poblacht na hIodáile v an Coimisiún, tá de cheangal ar Institiúidí an Aontais a shonrú cé hiad na fáthanna a bhfuil rogha an dara teanga teoranta acu sa nós imeachta roghnúcháin seo do líon srianta de theangacha oifigiúla an AE.</p> <p>Dá bhrí sin, cuirtear in iúl do na hiarrthóirí gur roghnaíodh dara teangacha an nós imeachta roghnúcháin seo de réir leas na seirbhíse, leas a éilíonn go mbeidh na hearcaigh nua in ann dul i mbun oibre láithreach agus go mbeidh ar a gcumas cumarsáid éifeachtach a dhéanamh le linn a n-oibre laethúla. Ina éagmais sin, bheadh baol ann go gcuirfí bac mór le hobair na nInstitiúidí.</p> <p>Ar bhonn an chleachtais sheanbhunaithe atá ag Institiúidí an Aontais maidir leis</p>

<sup>3</sup> Is iad seo a leanas teangacha oifigiúla an Aontais Eorpaigh: an Béarla (EN), an Bhulgáiris (BG), an Chróitis (HR), an Danmhairgis (DA), an Eastóinis (ET), an Fhionlainnis (FI), an Fhraincis (FR), an Ghaeilge (GA), an Ghearmáinis (DE), an Ghréigis (EL), an Iodáilis (IT), an Laitvis (LV), an Liotuáinis (LT), an Mháltais (MT), an Ollainnis (NL), an Pholainnis (PL), an Phortaingéilis (PT), an Rómáinis (RO), an tSeicis (CS), an tSlóivéinis (SL), an tSlóvaicis (SK), an Spáinnis (ES), an tSualainnis (SV) agus an Ungáiris (HU).

<sup>4</sup>Féach Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha ag an seoladh seo a leanas:

[http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en\\_EN](http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en_EN)

na teangacha cumarsáide inmheánacha, agus riachtanais na seirbhísí maidir le cumarsáid sheachtrach agus próiseáil comhad á gcur san áireamh, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na teangacha is mó a úsáidtear. Ina theannta sin, is iad an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis na dara teangacha is mó i bhfad amach a roghnaíonn na hiarrthóirí sna nósanna imeachta roghnúcháin, nuair is fúthu a bhíonn roghnú an dara teanga. Is léiriú é sin ar an leibhéal oideachais agus ar an hinniúlachtaí gairme ar féidir bheith ag súil leo ó na hiarrthóirí ar na poist laistigh d'Institiúidí an Aontais, mar atá, sáreolas ar cheann de na teangacha sin ar a laghad. Dá bhrí sin, agus leas na seirbhíse agus riachtanais agus inniúlachtaí na n-iarrthóirí á gcur sa mheá, agus sainréimse an nós imeachta roghnúcháin seo á chur san áireamh, tá ábhar maith ann trialacha a eagrú sna trí theanga sin chun a chinntiú go mbeidh sáreolas ag na hiarrthóirí uile, is cuma cén phríomhtheanga atá acu, ar cheann de na trí theanga oifigiúla sin mar theanga oibre. Ina theannta sin, chun go mbeidh cothrom iomaíochta ann, ní mór do gach iarrthóir, fiú má tá ceann de na trí theanga sin ina phríomhtheanga oifigiúil aige, an triail a dhéanamh sa dara teanga, teanga a bheidh le roghnú as na trí theanga sin. Mar sin, tugann an measúnú ar na hinniúlachtaí sonracha deis d'Institiúidí an Aontais a mheas cé chomh hábailta is atá na hiarrthóirí dul i mbun oibre láithreach i dtimpeallacht atá cosúil leis an timpeallacht ina n-iarrfar orthu bheith ag obair. Tá na bearta seo gan dochar d'fhoghlaim thríú teanga ina dhiaidh sin i gcomhréir le hAirteagal 85, mír 3 de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an AE.

Ní féidir ach ceann amháin den 24 teanga oifigiúil a roghnú mar phríomhtheanga (T1). Ní féidir do rogha teangacha a athrú i ndiaidh duit an fhoirm iarratais ar líne a bhailíochtú.

**N.B. Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit, beidh ort na doiciméid tacaíochta go léir a sholáthar. Má fhionntar gur bréagach an t-eolas a thug tú, dícháileofar thú ón nós imeachta roghnúcháin agus bainfead d'ainm as an mbunachar sonraí.**

## V. CONAS CLÁRÚ AGUS AN SPRIOCAM CLÁRÚCHÁIN

Ní mór duit iarratas a chur isteach ar líne ag leanúint duit na dtreoracha ar shuíomh gréasáin EPSO ([http://europa.eu/epso/apply/jobs/index\\_en.htm](http://europa.eu/epso/apply/jobs/index_en.htm)), agus go háirithe na treoracha sa treoirleabhar maidir le clárúcháin. Ní mór duit an t-iarratas a líonadh isteach i mBéarla, i bhFraincis nó i nGearmáinis.

Is fút féin amháin atá sé an t-iarratas ar líne a líonadh isteach roimh an spriocam. Moltar duit gan fanacht go dtí deireadh na tréimhse clárúcháin chun tú féin a chlárú mar go bhféadfadh sé, toisc trácht trom ar an idirlíon nó fabht a bheith sa nasc idirlín, go mbeadh ort an próiseas clárúcháin ar líne a thosú athuair, rud nach féidir a dhéanamh i ndiaidh an spriocdháta.

Nuair a bheidh d'iarratas bailíochtaithe agat, ní fhéadfaidh tú aon athruithe breise a dhéanamh air, arae próiseálann EPSO láithreach sonraí na n-iarratas chun an nós imeachta roghnúcháin a eagrú.

**SPRIOCAM (an bailíochtú san áireamh)**

**16/07/2013 ag 12 a chlog (meán lae), am na Bruiséile.**

## VI. CÉIMEANNA AN NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN

## ROGHNÚ AR BHONN CÁILÍOCHTAÍ

Déanfar réamhroghnúcháin ar bhonn cáilíochtaí na n-iarrthóirí, go háirithe maidir lena gcáilíochtaí acadúla agus taithí oibre, de réir na gcritéar atá leagtha amach thíos. Na hiarrthóirí a bhfuil na próifílí acu is fearr a fheileann do na dualgais agus do na critéir roghnúcháin, tabharfar cuireadh dóibh an triail inniúlachta a dhéanamh.

Ag an gcéim sin den nós imeachta roghnúcháin, ceapfar painéal roghnúcháin chun cuidiú le EPSO, go háirithe chun an roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh (mionscrúdú ar CVanna).

### **Critéir chun roghnú ar bhonn cáilíochtaí a dhéanamh**

#### **Grúpa Feidhme III – Cúntóir Slándála TFC**

1. Taithí oibre trí bliana ar a laghad i réimse na slándála TFC nó na cibearshlándála a fuarthas i ndiaidh an cháilíocht tríú leibhéal a bhaint amach.
2. I gcás iarrthóra a bhfuil cáilíocht dara leibhéal aige mar aon le trí bliana de thaithí oibre ina dhiaidh sin a bhaineann leis na dualgais i gceist, trí bliana eile ar a laghad de thaithí oibre i réimse na slándála TFC nó na cibearshlándála.
3. Is cuma cén cháilíocht atá agat, taithí oibre sé mhí ar a laghad a bhaineann go sonrach leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i bpointe II ("Dualgais") a bheith mar chuid den taithí oibre atá déanta agat faoi phointe 1 nó pointe 2 thuas.
4. Teastas maidir le slándáil TFC nó cibearshlándáil, amhail CISSP, GIAC, etc.
5. Oiliúint (seachas oiliúint a luaitear sna coinníollacha incháilitheachta, pointe IV.B ) i réimse na slándála TFC agus na cibearshlándála.
6. Rannpháirtíocht ghníomhach i bhforbairt tionscadal slándála TFC.
7. Taithí ar fhorbairt caighdeán TFC (e.g. IEFT)
8. Taithí ar bheith ag obair mar bhall d'fhoireann freagartha ar theagmhais.
9. Taithí ar bheith ag obair mar bhall d'fhoireann cumarsáide sláine.
10. Taithí ar bheith ag obair le córais slándála TFC aicmithe
11. Eolas maith ar an mBéarla (fiú más sin an phríomhtheanga nó an dara teanga atá roghnaithe agat (leibhéal B2 ar a laghad<sup>5</sup>))

#### **Grúpa Feidhme IV – Anailísí ar Shlándáil TFC**

1. Taithí oibre cúig bliana ar a laghad i réimse na slándála TFC nó na cibearshlándála a fuarthas i ndiaidh an chéim ollscoile a bhaint amach.
2. Mar chuid den taithí oibre atá déanta agat faoi phointe 1, taithí oibre sé mhí ar a laghad a bhaineann go sonrach leis na dualgais a bhfuil cur síos orthu i bpointe II ("Dualgais").
3. Teastas maidir le slándáil TFC nó cibearshlándáil, amhail teastas CISSP, GIAC, etc.
4. Oiliúint (seachas oiliúint a luaitear sna coinníollacha incháilitheachta, pointe IV.B ) i réimse na slándála TFC agus na cibearshlándála.
5. Rannpháirtíocht ghníomhach i bhforbairt tionscadal slándála TFC.
6. Taithí ar fhorbairt caighdeán TFC (e.g. IEFT)
7. Taithí ar bheith ag obair mar bhall d'fhoireann freagartha ar theagmhais.
8. Taithí ar bheith ag obair mar bhall d'fhoireann cumarsáide sláine.
9. Taithí ar bheith ag obair le córais slándála TFC aicmithe
10. Eolas fiormhaith ar an mBéarla (fiú más sin an phríomhtheanga nó an dara teanga atá roghnaithe agat) (leibhéal C1 ar a laghad<sup>6</sup>)
11. Dréachtaí a bheith foilsithe ar shlándáil TFC nó ar an gcibearshlándáil, e.g. imeachtaí comhdhála, irisí nó leabhair eolaíochta.

---

<sup>5</sup>Féach Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha ar an leathanach gréasáin seo :

[http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en\\_EN](http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en_EN)

<sup>6</sup>Féach Comhchreat Tagartha na hEorpa um Theangacha ar an leathanach gréasáin seo:

[http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en\\_EN](http://europass.cedefop.europa.eu/europass/home/hornav/Downloads/CEF/LanguageSelfAssessmentGrid.csp?loc=en_EN)

**N.B.: Má thugtar cuireadh chun agallaimh duit, beidh ort na doiciméid tacaíochta go léir a sholáthar. Má fhionntar gur bréagach an t-eolas a thug tú, dícháileofar thú ón nós imeachta roghnúcháin agus bainfear d’ainm as an mbunachar sonraí.**

Is ar bhonn na faisnéise a thugann iarrthóirí sa chluaisín 'scagthóir buanna' san iarratas (DE: *Talentfilter*, EN: *talent screener*, FR: *évaluateur de talent*), **agus ar an mbonn sin amháin**, a dhéanfar an roghnú ar bhonn cáilíochtaí agus is próiseas dhá chéim a bheidh ann:

— Céim 1: Déanfar réamhroghnúcháin ar bhonn cáilíochtaí bunaithe ar na freagraí ('sea'/'ní hea') a roghnaíonn an t-iarrthóir agus ar an t-ualú a thugtar do gach ceist, ó 1 go dtí 3 de réir thábhacht an chritéir i gceist. Rachaidh na hiarrthóirí a ghnóthaigh an méid is mó pointí ar aghaidh go dtí an dara céim den roghnúchán (is é sin tuairim is cúig oiread líon na n-iarrthóirí atá de dhíth ar na hInstitiúidí, do gach próifíl).

— Céim 2: Déanfaidh an bord roghnúcháin mionscrúdú ar fhreagraí na n-iarrthóirí agus tabharfaidh siad ó 0 go dtí 4 pointe dóibh do gach freagra; is é scór deiridh an iarrthóra suim na bpointí a fuarthas i ngach freagra iolraithe faoi ualú an chritéir i gceist.

Tabharfar cuireadh do na hiarrthóirí is mó pointí an triail inniúlachta a dhéanamh (is é sin tuairim is dhá oiread go leith líon na n-iarrthóirí atá de dhíth ar na hInstitiúidí, do gach próifíl). I gcás ina bhfuil roinnt iarrthóirí ar aon mharc don áit dheireanach, tabharfar cuireadh dóibh uile chuig an triail inniúlachta.

### TRIAIL INNIÚLACHTA

Déanfaidh iarrthóirí triail inniúlachta chun a n-eolas ar an bpróifíl i gceist a mheasúnú.

Is iad na trialacha céanna a dhéanfaidh iarrthóirí ar Ghrúpa Feidhme III agus iarrthóirí ar Ghrúpa Feidhme IV, ach ní ionann na pasmharcanna, mar a léirítear sa tábla thíos. Má thoilíonn siad chuige (san fhoirm iarratais), aon iarrthóirí a chuireann isteach ar Ghrúpa Feidhme IV agus nach ngnóthaíonn an pasmharc, aistreofar iad ón ngrúpa sin go Grúpa Feidhme III, ar an gcoinníoll go ngnóthaíonn siad an pasmharc do Ghrúpa Feidhme III. I gcás gach Grúpa Feidhme, teipfidh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn an pasmharc.

Cineál na trialach	Am a cheadaítear don triail	Teanga na trialach	Uasmhéid pointí	Pasmharc	
Ceisteanna ilroghnacha	50 nóiméad	Teanga 2 (T2)	25	Grúpa Feidhme III	Grúpa Feidhme IV
				13	16

Déanfar an triail ar pháipéar agus beidh ar na hiarrthóirí uile í a dhéanamh sa Bhruiséil, nó déanfar ar ríomhaire í agus beidh sí ar siúl in ionaid scrúdúcháin ar fud na mBallstát. Cuirfear iarrthóirí ar an eolas faoi na socruithe ina leith sin in am trátha.

Má bhíonn an triail le déanamh ar pháipéar ag na hiarrthóirí go léir sa Bhruiséil, íocfaidh EPSO liúntas de na costais taistil i gcomhréir leis na rialacha ábhartha maidir le haisíocaíocht, rialacha atá ar fáil ar shuíomh gréasáin EPSO ag [http://europa.eu/epso/apply/on\\_going\\_compet/reimburse/index\\_en.htm](http://europa.eu/epso/apply/on_going_compet/reimburse/index_en.htm).

## **VII. TORTHAÍ NA TRIALACH**

Foilseofar torthaí an mhionscrúdaithe ar CVanna agus na trialach inniúlachta i gcuntais EPSO na n-iarrthóirí.

## **VIII. NA SONRAÍ A BHEIDH SA BHUNACHAR SONRAÍ**



Iontrálfar ainmneacha na n-iarrthóirí a ghnóthóidh an pasmharc sa triail inniúlachta i mbunachar sonraí agus ní phoibleofar iad ar an dóigh eile. Tabharfar rochtain ar an mbunachar sonraí don Choimisiún Eorpach, do Pharlaimint na hEorpa, d'Ardrúnaíocht na Comhairle, don tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí agus don Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta. Féadfaidh Institiúidí/Gníomhaireachtaí Eorpacha eile rochtain a fháil ar an mbunachar sonraí, má chuireann siad in iúl go bhfuil na próifílí sin de dhíth orthu. Beidh an bunachar sonraí bailí go ceann trí bliana ón dáta a fhaigheann iarrthóirí a dtorthaí.

Tá tús curtha ag an gCoimisiún Eorpach le hidirbheartaíocht féachaint leasú a dhéanamh ar na Rialacháin Foirne d'Oifigigh agus ar Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh. Is féidir go mbainfidh an leasú seo le gairmréim oifigeach agus seirbhíseach eile. Is féidir go bhfaighidh iarrthóirí atá i mbunachar sonraí an nós imeachta roghnúcháin seo tairiscint poist a bheidh i gcomhréir leis na forálacha nua sna Rialacháin Foirne nuair a bheidh siad glactha ag an reachtóir, gan dochar d'iarmhairtí eile de chineál dlíthiúil nó airgeadais.

## IX. ROGHNÚ FÉACHAINT DAOINE A EARCÚ

**Ní ionann bheith sa bhunachar sonraí agus gealltanais go bhfaighidh tú tairiscint poist.** De réir mar a thiocfaidh folúntais chun cinn, cuardóidh na hInstitiúidí an bunachar sonraí agus tabharfaidh siad cuireadh chun agallaimh do na hiarrthóirí is fearr a fheileann do na riachtanais phoist i gceist; má éiríonn go maith leat san agallamh, is féidir go bhfaighidh tú tairiscint fhoirmiúil poist ansin. Déanfar eolas ar an bpríomhtheanga a mheas le linn an agallaimh sin freisin. Mura bhfuil imréiteach pearsanra slándála ag iarrthóirí cheana, ní mór dóibh sin a iarraidh go foirmiúil go díreach i ndiaidh a n-earcaithe. Tabharfar Conradh CA 3A<sup>7</sup> nó Conradh CA 3B<sup>8</sup> don iarrthóir a roghnófar don phost, de réir an fhostóra a bheidh ag tairiscint an phoist, mar a léirítear thíos.

Conradh	Áit na gníomhaíochta
CA 3B (téarma seasta)	Ard-Stiúrthóireachtaí an Choimisiúin (seachas na hOifigí), Parlaimint na hEorpa, Ardrúnaíocht na Comhairle, an tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí (seachas toscaireachtaí an AE) agus an Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta, an Oifig Eorpach Frith-Chalaoise (OLAF) agus Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh
CA 3A (d'fhéadfadh conradh buan teacht as)	An Coimisiún: An dá Oifig um Bonneagar agus Lóistíocht sa Bhruiséil agus i Lucsamburg, Oifig an Phámháistir (PMO); an Oifig Eorpach um Roghnú Foirne (EPSO) agus an Scoil Riaracháin Eorpach (EUSA), gníomhaireachtaí Eorpacha agus Ionadaíochtaí an Choimisiúin agus Toscaireachtaí an Aontais Eorpaigh ar fud an domhain.

## X. NÓSANNA IMEACHTA ATHBHREITHNITHE/ACHOMHAIRC

### X. 1. ACHOMHAIRC

Má mheasann tú ag aon chéim den nós imeachta roghnúcháin go ndearnadh meancóg nó gur ghníomhaigh EPSO go héagothrom nó nár chomhlíon sé na rialacha a bhfuil an nós imeachta roghnúcháin faoina réir, agus go ndearnadh dochar do do leas mar gheall air sin, is féidir na nósanna imeachta seo a leanas a leanúint san ord ina bhfuil siad sa tábla thíos:

Nós imeachta	Pointe teagmhála	Teorainn ama <sup>9</sup>
1. Athbhreithniú a iarraidh	Tríd an leathanach teagmhála ar	10 lá féilire

<sup>7</sup>Faoi Airteagal 3a de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos ansin agus i bhForálacha Ginearálta Cur Chun Feidhme na hInstitiúide, gníomhaireachta nó oifige.

<sup>8</sup>Faoi Airteagal 3b de Choinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh agus faoi na coinníollacha atá leagtha síos ansin agus i bhForálacha Ginearálta Cur Chun Feidhme na hInstitiúide, gníomhaireachta nó oifige.

<sup>9</sup>Amhail ó dháta foilsithe an chinnidh i gcuntas EPSO an iarrthóra.

	shuíomh gréasáin EPSO	
2. Gearán riarthach a dhéanamh faoi Airteagal 90(2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh <sup>10</sup>	Tríd an bpost chuig: European Personnel Selection Office (EPSO) C-25, 1049 Bruxelles, Belgique nó tríd an leathanach teagmhála ar shuíomh gréasáin EPSO	3 mhí
I ndiaidh duit céim 2 thuas a chríochnú (tá céim 1 rognach), is féidir leat:		
3. Má dhiúltaítear do ghearán os ard nó le tost, achomharc a dhéanamh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne <sup>11</sup>	European Union Civil Service Tribunal Boulevard Konrad Adenauer 2925 Luxembourg	3 mhí

Amhail saoránaigh uile an Aontais Eorpaigh, is féidir leat gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach:

European Ombudsman  
1 avenue du Président Robert Schuman  
CS 30403  
67001 Strasbourg Cedex  
FRANCE<sup>12</sup>

## X.2. BEARTA CEARTAITHEACHA A IARRAIDH

Má shíleann tú go raibh earráid i gceist amháin nó i roinnt ceisteanna a cuireadh ort le linn na dtrialacha a d'fhág í nó iad dofhreagartha nó deacair a fhreagairt i gceart, féadfaidh tú é sin a chur in iúl do EPSO agus déanfaidh sé, tar éis fiosrú a dhéanamh, bearta ceartaitheacha más gá.

Ní mór iarrataí ar bhearta ceartaitheacha a chur isteach **faoi cheann deich lá ó dháta do thrialach** tríd an mbosca ríomhphost feidhmiúil seo: [EPSO-CAST-S-7-2013@ec.europa.eu](mailto:EPSO-CAST-S-7-2013@ec.europa.eu).

Tá sé fíor-riachtanach d'uimhir iarrthóra agus an fhaisnéis is gá a thabhairt i d'iarratas a thabharfaidh le fios cén cheist/cé na ceisteanna a shíleann tú a bheith earráideach (e.g. an t-ábhar a bhí acu a lua agus/nó uimhir na ceiste a lua), chomh maith le míniú a thabhairt, a mhéid is féidir é, ar chineál na hearráide atá ann dar leat.

**Ní thabharfar aird ar iarrataí a chuirfeadh isteach i ndiaidh an spriocdháta, ná ar iarrataí nach bhfuil tugtha le fios iontu cén cheist/cé na ceisteanna a bhfuil aighneas fúithi/fúthu.**

## XI. CUMARSÁID

<sup>10</sup>Cuir an méid seo a leanas isteach i líne ábhair do litreach: Uimhir an nós imeachta roghnúcháin; d'uimhir iarratais; agus 'Gearán faoi Airteagal 90(2)'.

<sup>11</sup>Tá sonraí faoin dóigh le hachomharc a dhéanamh agus teorainneacha ama a ríomh ar fáil ar shuíomh gréasáin Bhinse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh: [http://curia.europa.eu/jcms/jcms/T5\\_5230](http://curia.europa.eu/jcms/jcms/T5_5230).

<sup>12</sup>Tabhair do d'aire nach bhfuil aon éifeacht fionraí ag gearáin a chuirtear chuig an Ombudsman ar an tréimhse atá leagtha síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de na Rialacháin Foirne maidir le gearáin nó achomhairc a dhéanamh le Binse um Sheirbhís Shibhialta an Aontais Eorpaigh faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh. Tabhair do d'aire freisin nach mór, faoi Airteagal 2(4) de na coinníollacha ginearálta a rialaíonn feidhmiú dhualgais an Ombudsman, dul i dteagmháil ar na dóigheanna iomchuí leis na hInstitiúidí agus leis na comhlachtaí lena mbaineann sula ndéanfaidh tú aon ghearán leis an Ombudsman. Tá eolas níos mine faoin nós imeachta seo ar fáil ar an suíomh gréasáin seo: <http://www.ombudsman.europa.eu/ga/home.faces>.

Rachaidh EPSO i dteagmháil leat trí do chuntas EPSO. Is fút féin atá sé féachaint ar do chuntas EPSO go tráthrialta — dhá uair sa tseachtain ar a laghad — chun dul chun cinn an nós imeachta a leanúint agus chun an fhaisnéis a bhaineann le d'iarratas a sheiceáil. Mura féidir leat sin a dhéanamh de dheasca faidhbe teicniúla ar thaobh EPSO, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas láithreach.

Chun aon chomhfhreagras a dhéanamh le EPSO, iarraidimid ort an fhoirm theagmhála a úsáid atá ar shuíomh gréasáin EPSO ag: <http://blogs.ec.europa.eu/eu-careers.info/cast/>.

Lena chinntiú go dtuigfidh gach duine na téacsanna ginearálta agus an chumarsáid uile idir tú féin agus EPSO i gceart, ní úsáidfear ach an Béarla, an Fhraincis agus an Ghearmáinis sna cuirí chuig na trialacha éagsúla agus i ngach comhfhreagras idir tú agus EPSO.

## **XII. FORAS DÍCHÁILITHE A BHAINNEAN LEIS AN bPRÓISEAS CLÁRÚCHÁIN**

Déanann EPSO gach iarracht féachaint chuige go gcloítear le prionsabal na córa comhionainn. Dá bharr sin, má fhaightear amach ag aon chéim den nós imeachta gur chruthaigh tú níos mó ná aon chuntas EPSO amháin, gur chuir tú isteach níos mó ná aon iarratas amháin don nós imeachta roghnúcháin seo nó go ndearna tú aon dearbhuithe bréagacha, dícháileofar thú.

Is féidir go ngearrfar pionós ort má dhéanann tú calaois nó iarracht ar chalaos. Ba mhaith linn a chur in iúl nach n-earcaíonn na hInstitiúidí ach na daoine sin a léiríonn go bhfuil siad sár-ionraic iontaofa.

## **XIII. SOCRUITHE AR LEITH D'IARRTHÓIRÍ ATÁ FAOI MHÍCHUMAS**

### (a) Míchumas atá ann tráth an t-iarratas a dhéanamh

1.	Má tá tú faoi mhíchumas nó má tá bail ort a d'fhéadfadh bac a chur ort agus na trialacha á ndéanamh agat, cuir tic sa bhosca a bhaineann leis sin ar an bhfoirm iarratais ar líne agus léirigh na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach chun déanamh na dtrialacha a éascú duit agus cuir isteach uimhir an nós imeachta roghnúcháin agus d'uimhir iarratais (seachain agus ná fág na huimhreacha sin ar lár).
2.	A luaithe is féidir é i ndiaidh duit d'iarratas ar líne a bhailíochtú, cuir isteach teastas leighis nó teastas ó chomhlacht aitheanta (de réir mar a bheidh) a dheimhníonn tú a bheith faoin míchumas sin. Scrúdófar na doiciméid tacaíochta ionas gur féidir socruithe ar leith a dhéanamh a oirfidh do gach cás chun go sásófar (a mhéad is féidir é) iarrataí a mheasfar a bheith réasúnta. Ba cheart iarrataí agus doiciméid tacaíochta a sheoladh: trí ríomhphost chuig: <a href="mailto:EPSO-accessibility@ec.europa.eu">EPSO-accessibility@ec.europa.eu</a> , nó trí fhacs chuig: +32 22998081, agus "EPSO accessibility" á lua agat, nó tríd an bpost chuig: European Personnel Selection Office (EPSO) 'EPSO accessibility' (C-25) 1049 Bruxelles/Brussel BELGIQUE

### (b) Míchumas a thagann chun cinn i ndiaidh iarratas a chur isteach

1.	Má thagann míchumas den chineál thuasluaite chun cinn i ndiaidh an spriocam do na hiarratais ar líne, ní mór duit EPSO a chur ar an eolas faoi a luaithe is féidir é. Luaigh i scríbhinn na socruithe a mheasann tú a bheith riachtanach.
2.	Cuir na doiciméid ábhartha trí ríomhphost chuig: <a href="mailto:EPSO-accessibility@ec.europa.eu">EPSO-accessibility@ec.europa.eu</a> , nó trí fhacs chuig: +32 22998081, agus 'EPSO accessibility' á lua agat, nó tríd an bpost chuig: European Personnel Selection Office (EPSO) 'EPSO accessibility'

	(C-25) 1049 Bruxelles/Brussel BELGIQUE
--	--